C/2024/5690

24.9.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/5690)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

'Franciacorta'

PDO-IT-A1034-AM03

Dáta na teachtaireachta: 26.6.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Rialacha maidir le fíonsaothrú - Dálaí comhshaoil nádúrtha**

Cuirtear in iúl ar bhealach níos sainráite go bhfuil feidhm ag an srian a bhaineann leis an achar idir limistéir fíniúnacha agus limistéir bhogaigh maidir le fíniúnacha nua a cuireadh tar éis 2010 (nuair a tugadh isteach an srian atá i gceist) agus gurb ionann an t-achar sin agus an t-achar idir teorainn an limistéir faoi fhíniúnacha agus teorainn na limistéar bogaigh mar a léirítear i gcóras faisnéise réigiún na Lombairde.

Fágadh réidh leis an srian ar airde na bhfíonghort. Tá an fhéidearthacht fíniúnacha a fhás i limistéir níos fuaire mar chuid den lear mór straitéisí foriomlán chun an t-ardú ginearálaithe ar theochtaí a chomhrac.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 4.1 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

2. **Dlús plandaithe agus córais treoraithe**

Ceadaítear córais treoraithe seachas fíniúnacha ar laitís aonair ag a bhfuil treorú ingearach, mar aon le hachair phlandála níos mó le haghaidh chineál Erbamat, rud a fhágann go mbeidh spásáil fheabhsaithe idir triopaill, aerú níos mó agus nochtadh méadaithe gréine ann le haghaidh na dtriopall. Fritháirítear leis sin freisin torthúlacht bhunaidh íseal na mbachlóg atá ina saintréith den chineál sin.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4.2 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

3. **Táirgeacht in aghaidh an heicteáir, buaint na bhfíonchaor agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte**

Laghdaítear an táirgeacht uasta is féidir a éileamh go 10 dtona/ha le barrachas fíonchaor 20 %, ar féidir é a aicmiú tar éis roinnt mhaith blianta mar 'riserva vendemmiale' (cúltaisce bhuainte). Dá bhrí sin, leasaítear bainistiú na cúltaisce buainte. I mblianta ina bhfuil dálaí aeráide fabhrach, féadfar an barrachas a ainmniú mar Franciacorta (fíonchaora atá oiriúnach lena bpróiseáil isteach i gcúltaisce bhuainte Franciacorta). Ceapadh an leasú chun oibríochtaí a bhaineann le bainistiú na cúltaisce buainte, le hinrianaitheacht agus le rialú táirgí a shimpliú.

Athraíodh táirgeacht maidir le hainmniúchán tionscnaimh cláraithe cúltaca Curtefranca go 10 dtona/ha freisin, ionas nach bhféadfar táirgeadh barrachais Franciacorta a úsáid ach amháin le haghaidh Sebino IGT.

Baineann an leasú le hAirteagal 4.5 den tsonraíocht agus le roinn 5B den doiciméad aonair.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Rialacha maidir le fíonóireacht, próiseáil agus buidéalú - táirgeacht fíonchaor go fíon in aghaidh an heicteáir**

Déantar teorainn sheasta an bhrú 65 % a athbhunú, gan aon bharrachas. Má sháraíonn táirgeacht an bhrú an teorainn uasta, forghéillfear an ceart an t-ainmniúchán a úsáid i gcás an fhíona uile a tháirgtear agus ath-aicmeofar an fíon a fhaightear leis na hainmneacha cúltaca (suas le 68 hl san iomlán mar Curtefranca, cé is moite de Erbamat, agus le haghaidh méideanna níos airde mar Sebino). Athbhunaíodh coincheap na cúltaisce buainte, a bhaineann le fíonchaora seachas le fíon.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5.3 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

5. **Rialacha maidir le fíonóireacht, próiseáil agus buidéalú - fíon cúltaisce buainte agus bainistiú soláthair**

Cuireadh tuilleadh mionsonraí leis maidir leis an gcúltaisce bhuainte a bhainistiú mar a leanas: bainistíocht ar leithligh ar na cláir siléir agus ar an gcomharthaíocht, ach gan gá le deighilt fhisiciúil ón gcuid eile den fhíon atá oiriúnach lena phróiseáil go Franciacorta go dtí an cumasc a thagann roimh an mbuidéalú. Fuarthas réidh leis an oibleagáid stoic a thuairisciú don chomhlacht rialúcháin, toisc gur glacadh cláir leictreonacha ina hionad.

Sonraíodh freisin go gcoinnítear fíon cúltaisce buainte i mbulc agus nach féidir é a phróiseáil ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis é a chur isteach sna cláir siléir. Tá cinneadh ón réigiún lena scaoiltear an fíon ón gceanglas a bheith coinnithe i mbulc sainordaitheach freisin chun fíonta atá oiriúnach lena bpróiseáil isteach i gcúltaisce bhuainte ATFC Franciacorta a mhargú. Aistrítear gach tagairt don mhargaíocht go mír 5.4.3.

Féadfar fíon cúltaisce buainte a mhargú sula scaoiltear ón gceanglas coinneála é trí bhíthin athaicmiú mar 'Sebino' IGT, ar féidir é a scaoileadh lena thomhailt an bhliain chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir athaicmiú mar ainmniúchán tionscnamh cláraithe Curtefranca a dhéanamh a thuilleadh tar éis leasú a dhéanamh ar an uastáirgeacht i bhfíonchaora de chineál Curtefranca bianco, atá cothrom le 10 dtona/ha faoi láthair freisin.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5.4 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

6. **Na cineálacha éagsúla fíona a tháirgeadh**

Cuirtear an téarma 'assemblaggio' ['cumasc'] in ionad an téarma 'cuvée'.

Tugtar an fhéidearthacht isteach maidir le coinneáil sa siléar, d'fhonn tréimhsí aibithe níos faide, fíon atá oiriúnach lena phróiseáil go Franciacorta, atá i mbuidéil ag a bhfuil toirt ainmniúil uasta 9.0 lítear atá beartaithe, tar éis é a bhaint as na buidéil sin, lena chumasc agus le súilíní a theacht ina dhiaidh sin. Trí fhíonta a choinneáil ar an moirt i gcás fíon athchoipthe, is cinnte gur féidir acmhainneacht aosaithe níos mó a spreagadh ar thaobh amháin agus feabhas a chur ar shaintréithe orgánaileipteacha i dtéarmaí solúbthacht, tathag agus fíneáltacht níos mó ar an taobh eile.

I gcás Franciacorta Satèn, sonraítear nach mór siúcra a úsáidtear chun giosta a ghníomhachtú a eisiamh agus an teorainn 20 g/l siúcra ag an mbuidéalú á ríomh.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5.5 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

7. **Tréimhse aosaithe íosta – sonraíocht**

Tagann an téarma 'imbottigliamento' ['buidéalú'] idir lúibíní i ndiaidh an téarma 'tiraggio' ['tirage']

Baineann an leasú sin le hAirteagail 5.6 agus 5.7 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

8. **Buidéil atá á bpróiseáil**

Tugtar isteach toirmeasc ar Franciacorta Satèn a athaicmiú mar Franciacorta agus a mhalairt, tar éis buidéalú agus clárú, chun saintréith ar leith a thabhairt do Satèn i dtéarmaí roghnú agus bhainistiú na bhfíonchaor atá beartaithe don chineál sin.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5.7 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

9. **Dímhoirtiú**

Maidir leis an licéar dáileoige, soiléirítear gur féidir úsáid a bhaint freisin as fíon atá aicmithe cheana féin mar ATFC Franciacorta agus mar bianco ATFC Curtefranca, ní hamháin fíon atá oiriúnach lena phróiseáil isteach in ATFC Franciacorta agus in bianco ATFC Curtefranca.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5.8 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

10. **Saintréithe a bhaineann lena chaitheamh**

Tugtar isteach ceanglas anailíseach maidir leis an gcineál Franciacorta Rosé le haghaidh measúnú dathanna de réir mhodh OIV 1-2006 (MA-AS2-11 R 2006), ar a dtugtar 'CIELab' freisin. Ní féidir le luachanna H* a bheith níos mó ná 80. Tá an measúnú amhairc ar dhath a dhéanann baill na bpainéal blaiste suibiachtúil; mar sin ba é cuspóir an leasaithe seo ceanglas anailíseach oibiachtúil a thabhairt isteach nach féidir amhras a chaitheamh air.

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge agus le roinn 4 (Tuairisc ar na fíonta) den doiciméad aonair.

11. **Lipéadú, ainmniú agus cur i láthair**

Ní mór na tuairiscí sainordaitheacha ar chineálacha agus ar bhlas a phriontáil i gcarachtair nach mó a n-airde ná a méideanna ná na cinn a úsáidtear don ainm Franciacorta. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an gceanglas sin go heisiach maidir leis an lipéad ina bhfuil na sonraí sainordaitheacha uile. I gcás ina bhfuil lipéad eile ar a bhfuil sonraí roghnacha ('lipéad íomhánna'), ní mór an t-ainm Franciacorta a bheith ar an lipéad sin i gcarachtair atá 2 mhilliméadar ar airde ar a laghad, ach féadfaidh aon fhocal eile a bheith ar an lipéad céanna, gan aon srianta méide i ndáil leis an ainm Franciacorta.

Baineann an leasú le hAirteagal 7.1 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 9 (Coinníollacha breise) den doiciméad aonair.

12. **Tásca**

Tugadh isteach sonraíocht a thabharfadh le fios, i gcomhthéacsanna tuairisciúla amháin, agus i gcás ina bhfuil sé fíor agus infhíoraithe, go bhfuil sé ceadaithe an tréimhse aosaithe ar an ngiosta a léiriú, tréimhse a mheasann roinnt mhaith gabháltas a bheith ina gné thábhachtach sa chumarsáid, i gcás ina bhfuil an tréimhse sin níos faide ná na tréimhsí íosta sainordaitheacha a leagtar síos in Airteagal 5.6.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7.4 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Franciacorta

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíonghoirt**

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

— 2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; fíonchaor seachas an ceann sin faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta:**

1. Franciacorta

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: mín, dian; dath: idir dath buí amhail tuí agus buí órga le déine éagsúil; dea-bholadh: mín, éadrom, leathan, casta, agus bolaithe air a eascraíonn as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal; blas: blasta, úr, mín agus comhchuí; cineálacha blais: 'dosaggio zero' [dáileog nialais], rí-amh, amh, ríthirim, tirim agus leath-thirim; eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l) 14,00.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Franciacorta Millesimato

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: mín, dian; dath: idir dath buí amhail tuí agus buí órga le déine éagsúil; dea-bholadh: mín, éadrom, leathan, casta, agus bolaithe air a eascraíonn as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal; blas: úr, blasta, mín agus comhchuí; cineálacha blais: dáileog nialais, rí-amh, amh, ríthirim; Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 15,00.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. Franciacorta Riserva

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: mín, dian; dath: idir buí ar dhath na tuí le déine éagsúil agus buí órga, agus d'fhéadfadh imreacha copair a bheith ann go hócáideach; dea-bholadh: bolaithe casta forbartha atá ina samplaí maithe de thréimhse fhada aosaithe sa bhuidéal; blas: úr, blasta, mín agus comhchuí; cineálacha blais: dáileog nialais, rí-amh, amh; Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 15,00.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. Franciacorta Satèn

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: buan, uachtarúil; dath: dath dian na tuí; dea-bholadh: mín, éadrom, agus bolaithe air a eascraíonn as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal; blas: blasta, uachtarúil, mín agus comhchuí; brú uasta: 5 atm.; cineál amh; Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 14,50.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. Franciacorta Satèn Millesimato

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: buan, uachtarúil; dath: idir dath buí amhail tuí agus buí órga le déine éagsúil; dea-bholadh: mín, casta, agus bolaithe air a eascraíonn as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal; blas: blasta, uachtarúil, mín agus comhchuí; brú uasta: 5 atm.; cineál: amh; Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 14,50.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. Franciacorta Satèn Riserva

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: buan, uachtarúil; dath: buí órga de dhéine éagsúil; dea-bholadh: bolaithe casta forbartha atá ina samplaí maithe de thréimhse fhada aosaithe sa bhuidéal; blas: úr, blasta, mín agus comhchuí; brú uasta: 5 atm; cineál amh; Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 15,00.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

7. Franciacorta Rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: mín, dian; dath: bándearg de dhéine éagsúil; dea-bholadh: mín, leathan éadrom, casta, agus boladh atá ina shaintréith de pinot noir air agus bolaithe a eascraíonn as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal; blas: blasta, úr, mín agus comhchuí; cineálacha blais: dosaggio zero, extra brut, brut, ríthirim; sec agus demi-sec; Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 15,00.

saintréithe crómatacha a chinneadh trí úsáid a bhaint as modh OIV 1-2006 (MA-AS2-11 R 2006), ar a dtugtar 'CIELab' freisin: ní mór nach bhfuil luachanna H* níos mó ná 80.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

8. Franciacorta Rosé Millesimato

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: mín, dian; dath: bándearg de dhéine éagsúil, agus d'fhéadfadh imreacha copair a bheith ann; dea-bholadh: leathan, casta, agus boladh atá tipiciúil de pinot noir air agus bolaithe a eascraíonn as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal; blas: blasta, úr, mín agus comhchuí; cineálacha blais: dáileog nialais, rí-amh, amh, ríthirim; Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 15,00.

saintréithe crómatacha a chinneadh trí úsáid a bhaint as modh OIV 1-2006 (MA-AS2-11 R 2006), ar a dtugtar 'CIELab' freisin: níor cheart luachanna H* a bheith níos mó ná 80.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

9. Franciacorta Rosé Riserva

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

cúr: mín, dian; dath: bándearg de dhéine éagsúil, agus d'fhéadfadh imreacha copair a bheith ann; dea-bholadh: casta, agus boladh atá tipiciúil de noir pinot air agus cumhracht a eascraíonn as tréimhse fhada aosaithe sa bhuidéal; blas: blasta, úr, mín agus comhchuí; cineálacha blais: dáileog nialais, rí-amh, amh; Eastóscán íosta saor ó shiúcra (g/l): 15,00.

saintréithe crómatacha a chinneadh trí úsáid a bhaint as modh OIV 1-2006 (MA-AS2-11 R 2006), ar a dtugtar 'CIELab' freisin: níor cheart luachanna H* a bheith níos mó ná 80.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Brú díreach sainordaitheach fíonchaor

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór an t-aistriú ó fhíonchaora go úrfhíon a dhéanamh go heisiach trí bhrú díreach, gan na fíonchaora iomlána a dhíghasú. Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le fíonchaora pinot noir a dhéantar go fíon rosé nó fíon dearg chun ainmniúchán tionscnaimh cláraithe agus ráthaithe rosé 'Franciacorta' a tháirgeadh.

5.2. *Uastáirgeacht*

2. Franciacorta - gach cineál

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Franciacorta - gach cineál

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar ina bhfástar fíonchaora chun ainmniúchán tionscnaimh cláraithe agus ráthaithe 'Franciacorta' a tháirgeadh suite i gcúige Brescia agus tógann sé isteach an talamh fíonsaothrúcháin ardcháilíochta atá suite laistigh de chríoch iomlán bhardais Paratico, Capriolo, Adro, Erbusco, Cortefranca, Iseo, Ome, Monticelli Brusati, Rodengo Saiano, Paderno Franciacorta, Passirano, Provaglio d'Iseo, Cellatica agus Gussago, agus an chuid de chríoch bhardais Cologne, Coccaglio, Rovato agus Cazzago S. Martino atá suite ó thuaidh ó iar-mhórbhealaí Stáit Uimhreacha 573 agus 11 agus cuid de chríoch bhardas Brescia. Sainítear teorainn an limistéir sin mar a leanas: ó bhruacha Loch Iseo leanann sí teorainn bhardas Paratico go dtí go sroicheann sí teorainn bhardas Capriolo, a leanann sí suas go dtí an teorainn le bardas Adro. Leanann sí an teorainn le Adro ó dheas go dtí go sroicheann sí teorainn bhardas Erbusco, a leanann sí, ag dul ó dheas fós, ag trasnú an trasnaithe le bardas Cologne agus ag leanúint ar aghaidh, fós ó dheas, go mórbhealach Stáit Bergamo-Brescia, a leanann sí go dtí an trasnú le bardas Ospitaletto. Leanann sí teorainn an bhardais sin ó thuaidh go dtí go sroicheann sí teorainn bhardas Castegnato. Leanann sí feadh theorainn bhardas Castegnato ó thuaidh go dtí go sroicheann sí iar-mhórbhealach Stáit Uimh. 11, a leanann sí soir, timpeall lonnaíocht Mandolossa, agus ag leanúint ar aghaidh feadh an bhóthair chéanna suas chomh fada le lonnaíocht Scuole. Ón áit sin leanann sí an bóthar ó thuaidh go Badia ag airde 133 m. Leanann sí ansin an bóthar soir i dtreo chnoc S. Anna ag dul soir ó thuaidh agus ag trasnú pointí airde 136,9 m, 138,8 m, 140,2 m, 150 m, 160 m agus 157,9 m sula dtéann sí isteach i mórbhealach Brescia Cellatica, a leanann sí i dtreo Cellatica. Ó phointe airde 139,9 m comhthiteann an teorainn ar dtús ar theorainn bhardas Cellatica agus ansin ar theorainn Gussago, ag tógáil isteach críoch iomlán an dá bhardas sin, ansin leanann sí teorainn bhardas Brione ar dtús agus ansin teorainn Polaveno chomh fada le Loch Iseo. Leanann sí cladach Loch Iseo chomh fada le Paratico. Ní áirítear an talamh seo a leanas sa limistéar táirgthe a shainítear thuas: ó theorainn chúige Brescia, siar, taobh le mótarbhealach A4 agus abhainn Oglio, idir teorainneacha bardasacha Palazzolo sull'Oglie agus Capriolo, leanann teorainn na talún eisiata teorainn bhardas Capriolo go dtí a thrasnú leis an líne iarnróid a leanann sí ó thuaidh ansin suas go dtí an stáisiún ag Paratico, sula leanann sí iar-mhórbhealach Stáit Uimh. 469 agus mórbhealach cúigeach Uimh. 12 suas go sráidbhaile Clusane ag airde 193,8 m. Agus críoch iomlán Villa Barcella á seachaint aige, ardaíonn sí go dtí airde 205 m sula dtrasnaíonn sí arís

mórbhealach cúigeach Uimh. 12 ag airde 197 m; leanann sí mórbhealach cúigeach Uimh. 12 go dtí airde 191 m, ag seachaint chnoc Cascina Beloardo, agus trasnaíonn sí pointí airde 189,9 m, 188 m agus 195,2 m sula dtrasnaíonn sí mórbhealach cúigeach Uimh. 11 agus ritheann sí ó dheas go dtí eaglais S. Pietro in Lamosa, áit as a dtagann sí amach ar an rian cré a théann go dtí Segaboli, ansin téann sí thar phointí airde 192,3 m, 189,5 m, 187,5 m agus 198 m agus leanann sí i dtreo Il Mulino, an stáisiún iarnróid ag Provalio, agus í taobh leis an líne iarnróid ó thuaidh go dtí go sroicheann sí, díreach roimh lonnaíocht Iseo, iar-mhórbhealach Stáit Uimh. 510, a leanann sí go dtí go sroicheann sí teorainn bhardasach Sulzano. Leanann sí é sin, ó thuaidh, chomh fada leis an loch, ansin leanann sí cladach Loch Iseo chomh fada le Paratico, áit a sroicheann sí, i gcomharsanacht Sarnico, teorainn chúige Brescia, a leanann sí go dtí go dtagann sí le chéile le teorainn bhardas Capriola, arbh é an pointe tosaigh é.

7. **Cineálacha fíonchaor**

CHARDONNAY B

Erbamat B.

Pinot bianco B. - Pinot

Pinot nero N. - Pinot

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Franciacorta - gach cineál

Cuimsíonn terroir Franciacorta coire moiréanach mór a foirmíodh le linn oighriúcháin na réanna geolaíocha Tánaisteacha agus Treasacha mar thoradh ar leathnú agus cúlú arís agus arís eile oighearshruth mór Valcamonica agus tá castacht mhór mhoirfeolaíoch agus gheolaíoch mar shaintréith aige. Dá bhrí sin, is í an ghné choiteann den chuid is mó d'ithreacha Franciacorta a mbunús moiréanach, agus is é sin a chinneann a bpríomh-shainthréithe: gineas neamhdhúchasach, doimhneacht leordhóthanach, draenáil mhaith agus soláthar uisce idir maith agus ard. Dá bhrí sin, tá ithreacha Franciacorta an-oiriúnach do shaothrú fíniúnacha. Anuas ar shaintréithe ginearálta an limistéir, mar gheall ar an éagsúlacht leathan ithreacha agus tírdhreacha, tá raon éagsúil iompraíochta fásúla-táirgiúla ann, mar aon le dinimic aibithe fíonchaor agus, ar deireadh, saintréithe céadfacha sna bunfhíonta.

Sainaithníodh le staidéar críosúcháin sé limistéar comhaeráide ar leith. Tagann Franciacorta laistigh de réigiún méasaeráide Insubric agus tá roinnt saintréithe de chineál Meánmhuirí aige, agus é réasúnta séimh sa gheimhreadh agus gan a bheith róthe sa samhradh, agus raonta teochta laethúla agus bliantúla measartha aige. Léirítear éagsúlacht mhór an limistéir i dtéarmaí maitrís ithreach agus miocraeráide i gcinéitic aibithe éagsúil na bhfíonchaor agus i bpróifílí céadfacha na mbunfhíonta, atá an-éagsúil, rud a fhágann gur féidir cuvée atá an-chasta a tháirgeadh.

Ó tharla gur fhás na fíniúnacha anseo go spontáineach ó thréimhsí réamhstairiúla, léirítear go n-oireann an limistéar sin go háirithe don fhíonsaothrú. Deimhnítear é sin ag fionnachtana síolta fíonchaor réamhstairiúla agus ag na hiarsmaí seandálaíochta atá le fáil ar fud an réigiúin, agus ag teistiméireachtaí éagsúla na n-údar clasaiceach, ó Phlinias agus Columella go Virgil. Tá eolas againn freisin faoi na pobail a chuir fúthu in Franciacorta trí theistiméireachtaí stairiúla, is é sin a rá, na Gallaigh Cisalpine, na Rómhánaigh agus na Lombardaigh. Tugtar fianaise le doiciméid ón 9ú, 10ú agus 11ú céad a tháinig ó mhórinstitiúidí manachúla uirbeacha ar shaothrú forleathan fíniúnacha agus is cruthúnas iad ar leanúnachas, mar a dheimhnítear le fionnachtana móra seandálaíochta sa limistéar, fíonsaothrúcháin ón ársaíocht dhéanach go dtí na hArd-Mheánaoiseanna in Franciacorta. Chonacthas an logainm 'Franzacurta' den chéad uair i reacht den Ochtú Leabhar de Reachtanna Brescia sa bhliain 1277 agus baineann sé le hordú a eisíodh chuig bardais Gussago agus Rodengo chun an droichead thar abhainn Mella a dheisiú i gceantar Mandolossa: 'Pro utilitate Sua propria et omnium amicorum Franzacurta' [le haghaidh a n-úsáid féin agus

úsáid chairde uile Franzacurta]. Dá bhrí sin, bheadh faighteoir an ordaithe go hiomlán ar an eolas faoi chríocha Franciacorta a bhainfeadh tairbhe as a gcuid oibre, rud a léiríonn úsáid níos ársa den ainm, agus ceann a baineadh, is dócha, le cumhacht chúirteanna manachúla Rodengo, Provaglio agus Rovato a bhunaigh na Clúinigh agus a bhí díolmhaithe ó dheachúna a íoc le heaspag Brescia, dá bhrí sin cúirteanna saor ó chánacha nó, i Laidin na tréimhse sin, francae curtae. Léirítear i staidéir a rinneadh le déanaí gur bhain an tsaoirse atá i gceist leis na hearraí a bhí ag taisteal ó Franciacorta go dtí bardas saor Brescia, earraí a bhí díolmhaithe ó dhleacht mar mhalairt ar chothabháil an mhórbhealaigh ó Brescia go dtí Iseo agus as sin, feadh an locha, go dtí foinse an tsoláthair iarainn i nGleann Camonica. Cibé bunús atá leis an 'saoirse' atá i gceist, is cinnte go bhfuil bunús na háite le fáil sa 'francae' Laidine agus i ról na mainistreacha 'curtae'.

Cuimsítear le snáitheanna fite fuaite stair, fhíon agus chultúr Franciacorta ceann de na chéad fhoilseacháin ar domhan freisin maidir leis an teicníc chun fíonta coipthe go nádúrtha a ullmhú i mbuidéil agus an tionchar a bhíonn acu ar chorp an duine. Arna chlóbhualadh san Iodáil in 1570, is é Gerolamo Conforti ó Brescia a scríobh é agus is é 'Libellus de vino mordaci' [paimfléad ar fhíon broidearnúil] an teideal sonrach a bhí air. Tharraing an dochtúir sin, ar tháinig a chuid staidéir roimh staidéir an aba mór le rá Dom Perignon, aird ar leathadh mór agus ar thomhaltas ginearálaithe fíonta geala súilíneacha agus is cruthúnas dobhréagnaithe é sin ar an nasc domhain ársa idir an terroir sin agus Franciacorta.

I measc na dteistiméireachtaí is déanaí tá teistiméireachtaí Gabriele Rosa, a chuimhníonn ina thráchtas ar fhíonta 1852 ar fhíonta geala Franciacorta mar fhíonta atá 'sármhaith, súilíneach agus taitneamhach don bhéal' ('eccellentissimi, racenti e garbi').

In 1967 bunaíodh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe Franciacorta mar cheann de na chéad ainmniúcháin chláraithe san Iodáil, lena n-áirítear fíon súilíneach freisin. In 1995 tháinig an gradam is fearr in éineacht leis an ainmniúchán sin i dtéarmaí fhíonta ardcháilíochta na hIodáile, ainmniúchán tionscnaimh cláraithe agus ráthaithe, rud a bhí ina chor cinniúnach ar an mbealach i dtreo aitheantas níos mó a thabhairt don nasc doshéanta idir an fíon sin agus a terroir, agus roghnaíodh an téarma 'Franciacorta' mar an t-aon téarma amháin chun an fíon agus a mhodh táirgthe a shainaithint.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Airteagal 7(2) - Forálacha breise maidir le lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Beidh sé sainordaitheach a léiriú ar an lipéad an páirtí a dhéanann an dímhoirtiú go fisiciúil, arb é an phríomhchéim dheireanach é i dtáirgeadh Franciacorta, i gcásanna ina bhfuil tríú páirtithe ag an táirgeoir an oibríocht sin a dhéanamh thar a gceann. Tá an fhoráil sin beartaithe mar bhealach chun trédhearcacht níos fearr a áirithiú don tomhaltóir deiridh, ós rud é gurb ionann iad i ndáiríre ag reachtaíocht reatha an Aontais agus ag an reachtaíocht náisiúnta atá ann faoi láthair lena sainmhínítear táirgeoir mar 'duine nádúrtha nó dlítheanach nó grúpa daoine den sórt sin a phróiseálann, nó a phróiseáiltear thar a gceann, na fíonchaora nó na húrfhíona fíonchaor ina bhfíon nó a phróiseálann, nó a phróiseáiltear thar a gceann, úrfhíon fíonchaor nó fíon isteach ina bhfíonta súilíneacha, ina bhfíon súilíneach aeraithe, ina bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán nó ina bhfíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán' (Airteagal 46 de Rialachán Tarmligthe 2019/33 ón gCoimisiún), le haghaidh fíon súilíneach a lipéadú, an duine a phróiseálann an fíon súilíneach iarbhír trí úsáid a bhaint as an modh clasaiceach agus an duine a phróiseálann tríú páirtí an fíon súilíneach thar a gceann.

Airteagal 7(1) - Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta.

An cineál coinníll breise:

Ceanglais bhreise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Laistigh den réimse amhairc ina dtaispeántar na sonraí sainordaitheacha uile, ní mór tuairiscí sainordaitheacha ar chineálacha agus ar an mblas a phriontáil i gcarachtair ar airde agus ar mhéid nach mó ná na cinn a úsáidtear don ainm 'Franciacorta'

I gcás ina bhfuil lipéad eile ann ina bhfuil sonraí roghnacha ('lipéad íomhá'), ní mór an t-ainm Franciacorta a léiriú ar an lipéad sin i gcarachtair atá 2 mhilliméadar ar airde ar a laghad, ach ar an lipéad sin féadfaidh aon fhoclaíocht bhreise a bheith le feiceáil gan aon srian méide i ndáil leis an ainm Franciacorta.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/21678